II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2020/1638 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Samhain 2020

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Caife

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Idirnáisiúnta Caife ("ICA") a thabhairt i gcrích le Cinneadh 2008/579/CE ([1]) ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 2 Feabhra 2011.

(2) De bhun Airteagal 48(1) de ICA, tá an ICA le fanacht i bhfeidhm go ceann tréimhse 10 mbliana tar éis dó teacht i bhfeidhm go sealadach nó go cinntitheach mura gcuirfear síneadh leis nó mura bhfoirceannfar é i gcomhréir leis an Airteagal sin.

(3) De bhun Airteagal 9 de ICA, is í an Chomhairle Idirnáisiúnta Caife ("ICC"), mar an t-údarás is airde ag an Eagraíochta Idirnáisiúnta Caife ("ICO"), an comhlacht atá freagrach as na feidhmeanna uile is gá a fheidhmiú chun forálacha ICA a chomhlíonadh. De bhun Airteagal 48(3) de ICA, féadfaidh ICC a chinneadh síneadh a chur leis an ICA thar a dháta éaga ar feadh tréimhse amháin nó níos mó as a chéile nach faide ná 8 mbliana san iomlán.

(4) An 11 Meán Fómhair 2020, le linn an 127ú seisiún dá chuid, d'fhormheas ICC Rún 471 lena gcuirtear síneadh le ICA go ceann bliana.

(5) I bhfianaise a thábhachtaí atá earnáil an chaife do roinnt de na Ballstáit agus do gheilleagar an Aontais, is é leas an Aontais an deis a bheith ann rannpháirt a ghlacadh sa ICA nó go dtaga comhaontú nua i bhfeidhm go sealadach nó go cinntitheach.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa ICC a leagan síos ós rud é go mbeidh na cinntí ó ICC maidir le síneadh a chur le ICA ceangailteach ar an Aontas.

(7) De bhun Airteagal 48(3) de ICA, d'fhéadfadh an tAontas agóid a dhéanamh i gcoinne chinneadh ICC maidir le síneadh a chur le ICA sula dté ICA in éag,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é seo a leanas an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa ICC:

(a) gan aon agóid a dhéanamh maidir le cinneadh ó ICC síneadh a chur le ICA go ceann bliana, mar atá leagtha amach i Rún 471 a formheasadh ag an 127ú seisiún de ICC,

(b) más gá, ag na chéad seisiúin eile de ICC, vótáil le síneadh a chur le ICA ar feadh tréimhsí nach faide ná 8 mbliana ar fad tar éis dháta éaga bunaidh ICA nó go dtaga comhaontú nua i bhfeidhm go sealadach nó go cinntitheach, cibé acu sin is túisce.

([1]) Cinneadh 2008/579/CE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2008 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Caife 2007 thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 186, 15.7.2008, lch. 12).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Samhain 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH